

Polasaí Chláracháin: Modh Imeachta i léith Iarratais:

© Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

Eagraíonn an tuismitheoir/caomhnóir coinne leis an bpríomhoide chun an pháiste a chlarú. Is cóir go mbeadh gach eolas ar fáil: Teastas Breithe, Teastas Baiste (más ann dó), Tuairiscí: Oideachasiúl, nó aon tuairisc/eolas eile riachtanach (más ann dóibh) don chlárúcháin.

Parents/Guardians may enrol a pupil by making an appointment with the principal.

All relevant documentation should be made available for processing purposes: Birth Certificate, Baptism Certificate (where applicable), Reports: Educational, or any other relevant reports/information necessary for enrolment purposes.

Parents/Guardians of each child entering the school complete an enrolment form at this time. A specific enrolment application form is provided by the Board for this purpose. Completed Enrolments are filed. Such information includes:

Líontar isteach an teolas cruinn maidir le gach páiste atá le clarú ar an bhFoirm Chlárúcháin ag an bpointe seo. Cuirtear foirm speisialta ar fáil ag an mBord Bainistíochta don chlárúcháin. Cuirtear na foirmeacha líonta ar chomhad. Tá an teolas seo a leanas san áireamh:

- Ainm an pháiste i nGaeilge, más ann dó./Pupil's name in Irish, if any.
- Dáta Breithe/Cláraithe, Áit Breithe, Ionad sa Chlann/Date of Birth/Enrolment, Place of Birth and Place in the family.
- Seoladh baile/Home Address.
- Uimhreacha Fón ar chúiseanna Éigeandáil/Emergency Phone Numbers.
- Uimhreacha Fón Teagmhála/Contact telephone numbers.
- Tuairiscí maidir le coinníollacha leighis mar eolas don scoil/Details of any medical conditions which the school should be aware of.
- Creidimh/Religion.
- Ainmneacha na scoileanna eile ar fhreastal an dalta ann, tuairiscí scoile, más ann dóibh, agus fathanna don aistriú, má tá sé bainteach/Previous schools attended, if any, and reasons for transfer, if applicable.
- Aon eolas ábharach eile- eolas ceangailte leis an tAcht Leasa Oideachais,2000;/Any other relevant information – including any such information as may be prescribed under the Education Act,2000;

Ag clarú dóibh, tugtar billeoga eolais do na tuismitheoirí. On enrolling parents/guardians are given information leaflets.

De réir riachtanais:

- Éagraífead Lá Oscailte/Oíche Eolais/Lá na Naíonraí i Mí na Márta, agus cuirfear fáilte roimh gach clann. Cuirfear fógra sna páipéar áitiúil/nuacht litir na scoile/nuacht litir sa seipéal/Naíonraí áitiúil/Suíomh Idirlíona na scoile.
- Le coinne roimhré is féidir le na páistí in eineacht lena dtuismitheoirí labhairt leis an bpríomhoide agus le na múinteoirí/ranganna naíonáin.

Dáta Iontrála/Aistriú ó Scoil/Cinneadh an Bhord/Daltaí le Riachtanas Speisialta
Admission Date/Transfer/Board Decision/ Special Needs Pupil:

1. Bíonn an clárúcháin déanta de réir Rialacha na Roinne Oideachais agus Éolaíochta, Rialacha na Scoileanna Náisiúnta, Polasaí Chlárúcháin Scoil Raifteirí (atá foilsithe ar Dialann na Scoile), Bunreacht na Scoile, agus de réir an Fhoirm Chlárúcháin.
2. Tá an cinneadh maidir le clárúcháin faoin mBord Bainistíochta, de réir mar atá mínithe ag Pointe 1. Seoltar cinneadh an Bhoird chuig na tuismitheoirí a luaithe agus gur féidir.
3. Caithfidh gach páiste bheith ceithre bliana d'aois roimh 01 Mean Fomhair don bhliain go bhfuil an páiste chun scoilbhliain a thosnú. Is féidir leis an bpáiste a bheith níos sine, cé nach bhfuil tinreamh éigeantach i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus Éolaíochta go dtí aois a sé.
4. I gcásanna áirithe, beidh moladh tugtha do thuismitheoirí go bhfuil an páiste an-óg fanacht bliain eile, ach ní féidir iachail a chur orthu fanacht de réir dlí. Tá rogha agus cearta ag na tuismitheoirí ar deireadh.
5. Aistriú chuig na Scoile: Tuigimid deacrachtaí atá ar pháistí teacht isteach sa Ghaelscoil ó Rang 1-6. Glacfar leo suas go Rang 2, ar choinneáil go bhfuil siad sásta glacadh le polasaithe na scoile, an Rang ina bhfuil an pháiste ar dháta iontráil na scoile a athdhéanamh arís sa Ghaelscoil ar mhaithe leis an teanga, agus iarrtar orthu cloí le rialacha na scoile maidir le labhairt na Gaeilge. Ní moltar glacadh le páistí ó Rang 4-6, ach amháin go bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, nó aistriú ó Ghaelscoil/Gaeltacht atá i gceist, agus go bhfuil spás ar fáil dóibh sna ranganna cuí. Caithfear tuairiscí a chur ar fáil maidir le tinreamh, oideachais ón iar-scoil. Is féidir le tuiste páiste a aistriú nuair atá bogadh tí i gceist, ach ní féidir le páiste aistriú ag aon am eile ach amháin ar an gcéad lá de aon ceathrú. Moltar go mbeidh measúnú scoile ar fáil do pháiste atá ag teacht ó thír iasachta, sula gcuirfear spás ar fáil dóibh i rang ar bith. Tá Tuairiscí Scoile/Eile riachtanach.
6. Dáilítear an dalta isteach sa rang cuí ag clarú dóibh, agus fantar leis an rang sin a fhad agus gur daltaí Scoil Raifteirí iad. I gcás go ndéanfar athghrúpáil ar an rang, nó go ndéanann dalta athdhéanamh ranga, dáilfear isteach i rang nua iad áfach.
7. Glacfar sa scoil leis an oiread páiste agus is féidir, ach acmhainní spáis, agus foireann teagaisc a chur san áireamh. Ní dhiúltófar do pháiste ar bith ar bhonn míchumais, aicme, datha, ná creidimh. Breathnófar ar na huimhreacha ó bhliain go bliain. Ag brath ar na huimhreacha iomlán, foireann, agus spáis, eagrófar na huimhreacha sna ranganna (Rang Ghrúpa Amháin nó Meascaithe) de réir Pointe 1 thuas.
8. Tá socrú déanta ag Bord Bainistíochta (Feabhra 2004) na scoile nach nglacfar níos mó ná 29 i rang na Naíonáin, agus go gcoinnífean an fhoireann agus uimhir iomlán daltaí na scoile mar atá ar Rollaí don bhliain sin. Cuirfear na tuistí go bhfuil clárúcháin déanta acu ar an eolas i Mí na Márta roimh tús na scoilbhliana sin. Glactar na tosnaitheoirí nua isteach ar feadh lá amháin i mí an Mheithimh.

9. Moltar páistí sa bhreis a ghlacadh isteach ag tús na scoilbhliana, i gcás go bhfuil laghdú uimhreacha i gceist sa scoil, ms. mar gheall ar bhogadh tuismitheoirí ón gceantair.
10. Cuirtear cuireadh fáilte roimh na tuistí i mí na Márta teacht chuig Chruinniú Speisialta roimh Clanntaí Nua. Glactar le na páistí go bhfuil Litir an Gheallúna sínithe acu.
11. Gheobhaidh na tuistí eolas faoin scoil.
12. Ag freastal ar an gCruinniú seo, beidh an cathaoirleach, an príomhoide, tuismitheoir agus múinteoir ón mBord.
13. Clúdaithe mar eolas beidh:
 - i. Eolas faoin stair agus ethos na scoile
 - ii. Gaelscoileanna agus an Ghaeilge mar theanga na scoile.
 - iii. Na hAbhair ar an Churaclaim Leasaithe 1999.
 - iv. Creideamh agus Paidreacha.
 - v. Na Polasaithe maidir le tinneas, poncúlacht, obair bhaile, lón, sainéide/lipéidí, culaith reatha, cód smachta, maoirseacht, curam agus leasa na leanaí, nodanna agus treoirlínte tabhachtach do thuistí agus don pháiste; ms. Conas an leithreas a úsáid/cóta a chur orthu nó baint uathu, agus rl.
 - vi. Cártaí faoi Sláinteachas a roinnt/líonadh, dreancaidí/peisteanna.
 - vii. Imeachtaí Scoile/Eolas: damhsa, snámh, an fheadóg, traenáil peile/eile.
 - viii. Comórtaisí ina mbíonn an scoil páirteach.

14. Daltaí Riachtanas Speisialta:

I gcás gur mian le tuismitheoirí páiste a chlarú le riachtanas speisialta, beidh cóip de tuairiscí sláintiúla agus/nó síceolaíochta ag téastáil ón mBord Bainistíochta. Ar chúis nach bhfuil an tuairisc ar fáil iarrfaidh an Bord ar thuismitheoirí go ndéanfar tuairisc láithreach. Tá an tuairisc riachtanach chun cabhrú leis an scoil riachtanaisí oideachasiúl agus traenála an dalta a aimsiú, atá oirúineach do mhíchumais nó riachtanas speisialta, agus chun próifíl de tacaíocht na seirbhísí atá ag téastáil don dalta.

Nuair a fhaigheann an Bord an tuairisc, beidh sé inann meastúcháin a dhéanamh ar an gcaoi gur féidir leis an scoil riachtanaisí sonraithe sa tuairiscí a chomhlíonadh. I gcás go bhfuil tuilleadh acmhainní ag téastáil, beidh ar an mBord an chlárúcháin a chur ar athchló go dtí go gcuirfidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta na hacmhainní riachtanach ar fáil chun riachtanas an pháiste a chomhlíonadh. D'fhéadfadh na hacmhainní seo soláthair de ceann amháin nó meascán de na nithe luaite thíos:

- Múinteoir Acmhainní do Riachtanas Speisialta.
- Cúntóir Riachtanas Speisialta.
- Múinteoir ar cuairt chuig na scoile.
- Troscán nó Áiseanna speisialta.

Beidh cruinniú ag an príomhoide, múinteoir ranga, agus tuismitheoirí an pháiste chun labhairt faoi riachtanaisí an pháiste, oiriúnachas na scoile dó, agus na féidireachtaí maidir leis an scoil chun riachtanaisí an pháiste a chomhlíonadh. I gcás go bhfuil tuilleadh cruinnithe riachtanach cuirfear cuireadh chuig na páirtithe uilig

freastal. San áireamh beidh na Tuismitheoirí, Príomhoide, Múinteoir Ranga, Múinteoir Tacaíochta Foghlama, Múinteoir Riachtanas Speisialta, agus Siceolaí más feiliúnach. B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach don Bhord an Clárúchán don pháiste áirithe a chur ar athchló/ar ceall de réir toradh deiridh na cruinnithe.